Logainmneacha

Is uime sin a ainm ar locha dála abair Loch Gréine, Loch Deirgdheirc, Loch nEachach, Loch Luigheach agus Loch an Scáil i gCorca Dhuibhne sa mhéid gur ainm eile do Lugh é Scál.

SEÁN Ó CINNÉIDE

Caitheamh aimsire agam isea staidéar ar logainmneacha. Ba ghearr tar éis dom alt ar an ábhar a scríobh in Dinnsheanchas (Meitheamh, 1975) agus tar éis bháis don eagarthóir Eamonn de hÓir (R.I.P.) a cuireadh críoch leis an iris léannta sin. Dá réir sin is móide an chomaoin a chuir eagarthóirí Feasta orm, glacadh le haltanna ar an ábhar ó am go chéile ina dhiaidh sin.

Ba altanna ar logainmneacha Duibhneacha formhór na n-alt liom a foilsíodh ach go mbíodh mír fhánach ina measc ar logainmneacha den tír i gcéin. Cuir i gcás tuairimíodh gur Inis Saor an leagan is fearr a oireann don fhoghar *Inissaor* (agus *Inissaer*) atá ag dúchasaigh oileánrach na nÁrann agus Chonamara mar go ngeibhim deacair glacadh leis go ndéanfaí Inis Oírr .i. an leagan oifigiúil, ó Inis Oirthir, nó dá ndéanfaí cén fáth nach *-s* caol a bhíonn ag na dúchasaigh mar a bhíonn acu do gach inis eile (**Feasta**, Nollaig 1982.) B'fhéidir gur iarsma é *Inissaor* de shaoirse ó Chonnacht agus Mhumhain a deirtear a ghnóthaigh Oileáin Árann san séú aois.

De bhrí an logainm Luimneach (Luimreach) a bheith i measc a lán áiteanna den ainm Eanach thart ar Loch Coirib thuairmíos go mb'fhéidir gur fhréamhaigh sé ón gcomhfhocal loim-enech sa tSean-Ghaeilge (Dinnsheanchas, Meitheamh,1975). Is áirithe dá múnlófaí é sa nua-Ghaeilge ó lom agus eanach go bhfaighfí Lomanach agus tá a leithéid d'ainm ar áit ó thuaidh ó Dhairbhre i gCiarraí. Is i Loch Coirib freisin atá Inis an Ghoill ar ábhar é d'fhormhór an ailt seo.

Tá suíomh ar an Inis i dtuaisceart an locha agus í tuairim is ceithre mhíle amach ó Chonga ina bhfuil Gaeltacht Chorr na Móna. Labhrann na Gaeilgeoirí dúchais an mhír dheiridh Ghoill, leis an fhoghar céanna beagnach le ghoil .i. an ginideach de gol. Mheasfaí as sin gur an ginideach de Goll atá sa mhír amhail mar atá abair in Goill (gan an séimhiú) in Ros Goill i dTír Chonaill.

Mar a léirígh T.S. Ó Máille *(J. of Galway Archaeological and Historical Society, 1952,* l.81) níl bailíocht stairiúil ag an ainm Inis an Ghaill Chráifigh a cloistear ag duine fíor fánach. Ar aon chuma ní hionann foghar do Ghoill agus Ghaill a rímeálann le *'guile'* an Bhéarla agus ar dócha gur é atá san ainm pearsanta Ó Gaill atá coiteann go leor in Iar-Chonnacht.

Tá tuairim leis ann gur gall ionann agus liag cloiche atá i gceist toisc liag leis an inscríbhinn iomráiteach *'lie* (liag) *Luguaedon macci menueh'* a bheith ar an inis. Is an fhoirm gallán .i. an díspeagadh de *gall* atá fágtha sa Ghaeilge fós ach dá mbeadh gall fós inti bheifí ag súil le ginideach gaill i gcás é a bheith firinscneach nó gaille dárbh bainscneach do. Níltear ag rá fós nach ceart do cheann amháin den dá mhíniú atá i bhfáth ach measaim dealramh níos fearr a bheith ar mhíniú eile ar Ghoill.

Mar atá léirithe ag Tomás F. Ó Rahilly ina shaothar iomráiteach *Early Irish History and Mythology* (EIHM, 1946), bhí a liachtaí ainm éagsúil ar ghriandia na nGael bpágánach ag cur in iúl tréith éigin a samhlaíodh a bheith aige. Orthu seo bhí **Goll** (aonsúil), **Lug** (gile), **Aed** (tine), **Dearc** (súil), **Dearg** agus **Deargdearc**, **Eocha** (each) agus ar ndóigh **Grian** (teas). De réir an údair chéanna tá súil, atá ionann anois agus an ball radhairc amháin, comhghaolmhar le *sól* (grian) na Laidine, amhail agus go samhlaítí an ghrian mar shúil (súl) an lae tráth den saol.

Uime na fianaise sin agus mar a luaigh mé i litir chuig an *Galway Advertiser* (7ú Aibreán 2005) ní bheadh sé ag dul thar fóir na céille a mheas gur griandia na nGael .i. Goll atá i gceist san ainm Inis an Ghoill agus freisin in Ros Goill i dTír Chonaill toisc b'fhéidir na háiteanna seo a bheith ina láithreacha adhartha gréine sa ré phágánach.

Ag tacú leis an tuairim sin i gcás Inis an Ghoill, tá na míreanna Lug agus Aed den ainm Luguaedon. Tugann *macci* (seanghinideach de mac) le tuiscint neach amháin a bheith adhlactha faoi an liag agus ar ndóigh is neach amháin .i. an griandia a thabharfadh Lug agus Aed le tuiscint do Ghael págánach.

Ós cionn na hinscríbhinne tá seacht gcrosa greanta ar an liag ag cinntiú gur le Críostaithe a greanadh an inscríbhinn. Dar le scoláirí, ní déanaí ná an 6ú haois an inscríbhinn agus gur í an eiseam-

láir scríofa is ársa den nGaeilge i litreacha Laidine (E. Rynne, *J. of Galway Arch. and Hist. Soc.*, 1995), D'fhonn go mba luaithede iad Gaeil ag tréigint na págántachta thugadh luathscríbhneoirí Chríostaí stair na hÉireann le tuiscint gur neacha daonna sobhásaithe iad déithe na nGael.

Dá réir sin agus má tá aon bhailíocht ag mo thuairmí, sí an inscríbhinn úd freisin an sampla scríofa is ársa de dhaonnú dá dhéanamh ar dhéithe na nGael sa mhéid go dtuigfí gur neach saolta atá básaithe, an Luguaedon faoi an liag. Is aisteach iomadúlacht na gcros ar an liag agus más ann dóibh d'fhonn an t-olc a dhíbirt aisti, tá a chuma air go raibh feidhm dhiamhair éigin léi i ndeasghnátha págánacha sula ndearna na luath-Chríostaithe liag chinn uagha di, mar dhea .

Tá a chuma air gur gearradh d'aonghnó tuairim an ceathrú cuid den liag ós comhair na hinscríbhinne. Dar le daoine gur leagan in ogham den inscríbhinn a bhí anseo. Ach de bhrí nach mó ná tuairim dhá throigh d'fhaid an méid atá gearrtha, ar éigean a bheadh slí do leath na hinscríbhinne mar ogham ann. Táim ró-lagsháiseach léna rá go neambalbh céard a thugann déanamh na léige gearrtha le tuiscint dom, níos fearr fiú ná a thugann an Lia Fáil i dTeamhair agus Liag Túró in oirthear na Gaillimhe, d'ainneoin go samhlaíonn daoine an ní céanna leo agus go meastar feidhm leo i ngnásaí torthúlachta.

Is spéisiúil an uimhir mhór de áiteanna i Loch Coirib agus thart air ar a bhfuil ainmneacha de neacha miotasacha chomh maith le hInis an Ghoill dála abair Inis Bóinne, Loch na Bó Finne, Loch na mBan Fionn (in aice Bhearna), Cnoc an tSí ó thuaidh ó Mhágh Cuilinn, Cnoc Meá ina bhfuil Sí Finnbhearra, Seanadh Gréine agus ar ndóigh láthair céad-Chatha Mhaighe Tuireadh i gConga. Maidir le Coirib in Loch Coirib deirtear gur truailliú é de Oirbse .i. ainm eile don phearsa miotasach, Manannán Mac Lir. Tá an cathú ann a mheas an mhír Oirb a bheith comhghaolmhar le orbis na Laidine a luaitear mar théarma don ghrian i gcásanna áirithe.

Maidir le Ros Goill tá an traidisiún ann gur ó Gholl mac Mórna an t-ainm. Mar a deir Máire Ní Laifeartaí agus Nóirín Goulding oidí scoile sna Dúnaibh liom, báthadh Goll ar Charraig Ghoill san fharraige amach ó thuaisceart an Rosa. Mar atá léirithe in EIHM is daonnú ar Gholl ionann agus griandia, é Mac Mórna agus na scéalta éagsúla faoin a bhás. Dála ceantar Loch Coirib, is spéisiúil a bhfuil d'áiteanna le hainmneacha ar inmheasta miotais de bhunús leo atá cóngarach do Ros Goill dála, abair, Loch Gréine i bhFánaid, Dún Méabha cóngarach do Charraig Ghoill agus Cnoc an tSí. Níl Dún Fionnachaidh ná Abhainn na Finne, a ainmnítear ó phearsna miotasacha eile, rófhada i gcéin ó Ros Goill.

Tá an baol ann gur ró-shearradh samhlaíochta a bheith ag meas baint ag Abhainn Súilí agus Loch Súilí leis an ngriandia toisc go mb'fhéidir gur grian atá i gceist sa mhír *Súil*. Ach dála Loch Coirib ní miste an smaoineamh mar sin féin, ní hamháin de bharr cosúlachta foghair, ach de bharr go samhlaítí an griandia a bheith ag lonnú faoi locha (agus fharraige) san oíche. Is uime sin a ainm ar locha dála abair Loch Gréine, Loch Deirgdheirc, Loch nEachach, Loch Luigheach agus Loch an Scáil i gCorca Dhuibhne sa mhéid gur ainm eile do Lugh é Scál. D'fhonn na déithe a dhaonnú cumadh ar ball gur ainmníodh na locha ó dhaoine leis na hainmneacha úd a báthadh iontu.◇